

## ❖ An Lúibín ❖

3 Mí Iúil 2006



### An dá leath

*Immigrants seldom choose to maintain their languages indefinitely. The linguistic and cultural wealth of a country must be measured in other ways.*

Gaillimheach is ea Brian Ó Broin ó dhúchas agus é ag obair i Roinn an Bhéarla in Ollscoil William Paterson i Nua-Gheirsí. Tá píosa leis le fáil san eagrán is déanaí den iris Idirlíne *Beo* ([www.Beo.ie](http://www.Beo.ie)) faoi líon mór na Spáinniseoirí sna Stáit, faoi dhearcadh na n-údarás ina leith agus faoin dearcadh atá ag lucht labhartha Spáinnise féin. Seo sliocht as.

I ndeireadh báire, déantar dearmad go dtagann inimircigh go Meiriceá ag lorg saoil níos fearr. Is cuma leo faoina gcultúr féin. Glacann an mhórchuid díobh leis nach mbeidh siad ag filleadh ar a dtír dhúchais, agus, ós é an Béarla príomhtheanga Mheiriceá cheana féin, déanann siad tréaniarracht a bpáistí a thógáil trí Bhéarla.

I bpobalbhreith a rinneadh an tseachtain seo caite, dúirt 77% den phobal Easpáinneach go rabhadar ar son Béarla a ainmniú mar aon teanga náisiúnta Mheiriceá. Tar éis glúin amháin i Meiriceá, níl ach an cúigiú cuid de theaghlaigh Easpáinneacha fós ag labhairt Spáinnise.

Ós é an scéal céanna é ag inimircigh san Astráil agus i dtír ar bith atá beo ar dhaoine thar tír isteach, is fiú aird a thabhairt ar an gceist agus ar an mbaint atá aici le beartais chultúrtha áirithe. Is minic ráite é go bhfuil ‘saibhreas’ teangacha againn sa tír seo, agus deirtear chomh minic céanna gur mór an trua gan níos mó ‘úsáide’ a bhaint astu. Ní léiríonn an tuairim sin ach a laghad machnamh a dhéantar ar an scéal. Is mór an difríocht atá idir teanga a thabhairt isteach leat agus í a chur á saothrú i measc an chuid den phobal a tógadh le Béarla. Is é an dara rud an ceann is deacra agus is riachtanaí. Tá gá ar leith againn san Astráil le daoine a bhfuil teangacha Áiseacha ar a dtoil acu agus le hinstiúidí a chuirfeadh sin ar ár gcumas: is gá dúinn nós na dteangacha a chothú inár measc, beag beann ar na hinimircigh.

Mar sin féin, an ceart a rá gur cuma leis na daoine isteach a gcultúr féin? Uaireanta, is dócha: ach bíonn an dúchas buan, go fiú sa té a bhfuil rudaí ar a aire seachas sean-nósanna a chaomhnú i dtír nua; fágann sé a rian ar bhia, ar aigne agus ar chaint. San Astráil bhí claonadh ag cainteoirí dúchais Gaeilge chun an teanga a úsáid eatarthu féin, cé gur beag duine den dara glúin a chloífeadh léi.

Tá an saibhreas teangacha úd ann, gan dabht, ach rud sealadach é, rud atá ag brath i gcónaí ar athnuachaint ón iasacht, go fiú nuair a mhaireann an teanga na trí ghlúin anseo. Tá Spáinnis ag na milliúin sna Stáit, ach is dócha nach mbeidh inti ach sneachta i ndiaidh na gréine sa chuid is mó den tír. Is fiú don inimirciúil an teanga nua a bheith aige nó a chlann a chur á foghlaim (agus foghlaimeoidh siad í dá mhíle buíochas). Tá daoine sna Stáit agus tá siad dallta nó scanraithe ag líon na Spáinniseoirí; is dóigh leo go bhfuil an Béarla (teanga ‘nádúrtha’ na tíre) i gcontúirt. Tá seachrán orthu, mar a bheadh ar an té ar mhaith leis pobal tréan torthúil neamhspleách a dhéanamh de na hEaspáinnigh. Ní dócha go bhfáiscfí aon scríbhneoir mór Spáinnise astu, mar shampla, cibé gaisce a dhéanfadh a leithéid i mBéarla.

Is mór an bhéim a chuirtear ar an ilchultúrachas oifigiúil san Astráil, agus ní rud gan aird é: réitíonn sé an bealach don té a thagann i dtír agus cuireann sé in iúl don phobal mór go bhfuil tairbhe san earra a thugann an strainséar isteach leis. Tá cuspóir eile ag an ilchultúrachas

oifigiúil, san Astráil ar aon chuma – dúchas na mionphobal a chaomhnú. Is beag brí atá leis an gcuspóir sin de ghnáth, ós iad na daoine féin a shocróidh cén méid den seandúchas is fiú a choinneáil, cé nach cóir doichead a bheith orainn roimh an dea-mhéin.

I ndáiríre, ní cosúil go dtiocfaidh aigne ilteangach chugainn lenár linn. Táimid buíoch den Bhéarla ach ní thuigimid an leas is féidir a bhaint as teangacha eile an réigiúin nó an domhain mhóir, go fiú i gcúrsaí gnó. Bíonn lucht léinn dár spreagadh chun iad a fhoghlaim ach ní bhíonn toradh ar an áiteamh. Mar sin féin, tá scata ann i gcónaí a thug faoi Spáinnis nó faoi Indinéisís nó faoi Ghaeilge féin agus a fuair máistreacht orthu. Go méadaí Dia a líon.



### **Díon gan dídean**

*Deep in the hills of south Munster, where many Australian immigrants were born, Clonmel too has its Gaelscoil – with a leaking roof.*

Is cuimhin liom cuairt a thabhairt ar Ghaelscoil Chluain Meala i gCo Thiobraid Árann tamall maith de bhlianta ó shin. Bhí taifeadán agam agus bhain mé caint as na páistí don chlár Gaeilge a bhí ar Raidió SBS na hAstráile ag an am. Ní raibh aon easpa líofachta orthu agus ba léir rian na dúthrachta ar na múinteoirí. Bhí Cluain Meala féin faoi shuan, gan cuimhne aici ar an gcuid ba chorrathí dá stair - ar Chromall, mar shampla, a tháinig ann romhamsa. Na cnoic ina timpeall, Béarla séimh sna sráideanna agus ceantar dúchais ár muintire síos an bóthar.

Ghoin m'aire mé, mar sin, nuair a léigh mé ar an *Irish Times* le déanaí go raibh an príomhoide cráite ag an droch-chaoi a bhí ar dhíon na scoile – féar ag fás ann, sclátaí ag titim de. Fuarthas airgead ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta le tosach an dín a dheisiú ach tá drochbhail fós ar an gcuid eile.

Tógadh an teach sa bhliain 1830, agus sa bhliain 1994 a bunaíodh an scoil. Anois tá 211 dalta ann agus tá an coiste ag saighdeadh na Roinne chun suíomh buan a fháil. Ní leis an scoil an teach agus tá cíos le híoc. Tá an Roinn ag díol 95% de sin, ach ní furasta do lucht na scoile an fuíollach a ghlanadh.

Deir an Roinn go bhfuil áit nua á lorg acu, ach go bhfuil 'a lán rudaí le réiteach' sula féidir leo socrú a dhéanamh. Níor cuireadh in iúl cad iad na rudaí atá i gceist, ach is féidir tuairimíocht a dhéanamh. Bheadh orthu suíomh a fháil in aice Chluain Meala féin, suíomh a bheadh fairsing go leor agus nach mbeadh róchostasach – na deacrachtaí céanna a bhaineann leis na gaelscoileanna i gcoitinne mar scoileanna pobail.

Is follasach nach bhfuil na deacrachtaí seo ag bacadh bhorradh na gaelscolaíochta, agus is ábhar suime fós é go bhfuil daltaí de gach aicme sóisialta le fáil sna scoileanna céanna. Ní léir fós cén bhaint atá ag an ngaelscolaíocht le neartú na teanga: ní furasta na páistí a chur ag labhairt Gaeilge agus gan an teanga á labhairt sa bhaile, agus is minic a fhaigheann siad a gcuid meánscolaíochta trí Bhéarla. Nuair a thugann siad a n-aghaidh ar an saol mór ní Gaeilge atá i réim rompu, agus ní gá go dtógfaidís a gclann féin leis an teanga sin. Is minic an ghaelscolaíocht á moladh; is annamh a dhéantar machnamh agus taighde ar an toradh atá uirthi i ndáiríre.

Ina dhiaidh sin is uile, agus d'ainneoin cúrsaí faisin, is dócha go bhfuil leithéidí Ghaelscoil Chluain Meala ina gcuid bhuan de dhúchas na tíre anois. Is é an bhrí atá leis sin go bhfuil glúin nó dhó ann a cheapann gur rud nádúrtha í an Ghaeilge, gur teanga í atá fite fuaite sa saol atá ina dtimpeall, cuma cé chomh minic is a úsáideann siad féin í. Dream cathrach iad, agus is gearr nach mbeidh de Ghaeltacht ann ach iad.

Níl a fhios agam an bhfillfidh mé choíche ar Chluain Meala. Má fhillim, tá súil agam go mbeidh díon nua ar an teach nó teach nua féin ann.



### **Toraí na scannán**

*One of the least accessible of Ireland's islands (and a Gaeltacht to boot) has a yearly film festival.*

Ní raibh *An Lúibín* ar Oileán Thoraí riamh, cé go bhfuil lé againn le hoileáin. Is deacair é a bhaint amach agus ní furasta é a fhágáil ach oiread: oileán iargúlta arb é an ceangal deireanach Gaeilge é idir Albain agus Éire. Bhíothas ag smaoineamh tráth ar an áit a thréigean mar a thréigeadh na Blascaodaí, ach tar éis an tsaoil choinnigh an pobal a ngreim ar an bhfód. Anois bíonn siad ag iarraidh ar dhaoine an turas a dhéanamh i gcomhair féile scannánaíochta.

Tá méadú ag teacht ar líon na scannán ó bhliain go bliain. Ocht scannán anuraidh, trí cinn déag ar fhichid i mbliana, agus a thuilleadh fós feasta, is dócha. Scannáin fhaisnéise muirí a bhí á dtaispeáint i mbliana agus trí scáileán ann chuige (tá bród orthu as a scáileán nua 5x4m). Ba é 'Laochra Muirí' an téama agus lean an fhéile ó 28 Meitheamh go dtí 2 Iúil. I measc na scannán bhí roinnt saothar le Tim Severin agus *Shipping Out*, scannán a rinne Maria Brooks faoi mhná i stair na mara. Bhí ceol agus ceardlanna ann, agus taispeántas bád beag ar an loch.

Má ba mhian le haon duine a bheith ag Féile Scannán Muirí Oileán Thoraí bhí bus saor in aisce ó Leitir Ceanainn agus ó aerphort Charraig Fhinne go cé Mhachaire Rabhartaigh. Ansin bheadh an fharraige romhat - agus go dtaga tú slán.

Eolas (i dtrí theanga): [www.toryfilmfestival.com](http://www.toryfilmfestival.com).



### **Dhá ghuth na Gaillimhe**

*Galway's Mayor wants to make the city bilingual; in the surrounding Gaeltacht, housing policies designed to help the language are of questionable value.*

Tosaímis le sliocht as *Lá* (20/6/06):

Deir an Comhairleoir Niall Ó Brolcháin (Comhaontas Glas) go bhfuil sé mar phríomhaidhm aige stádas dátheangach a bhaint amach do Ghaillimh i rith a thréimhse mar mhéara na cathrach.

Is breá leis *An Lúibín* Gaillimh – an chathair is Gaelaí agus is meánaoisí dá bhfuil in Éirinn, an t-aon chathair amháin mar a mbeadh deis agat Gaeilge a chloisteáil sna sráideanna agus go fiú sna siopaí. Tá an Taibhdhearc ann, cé go bhfuil sí in ísle brí. Ní leor sin, áfach, chun cathair dhátheangach a dhéanamh den áit. Ach is é tuairim an Bhrolchánaigh go bhfuil neart daoine sa chathair le Gaeilge agus gur cheart meas a thabhairt dóibh má tá siad ag iarraidh an teanga a úsáid. Tá baint ag an dream misniúil (nó ceanndána) sin Gailleamh le Gaeilge leis an scéal agus staidéar á dhéanamh acu ar an mbealach is fearr chun an dátheangachas a bhaint amach.

Tá seifteanna dá chuid féin ag an mBrolchánach. Níl sé chun a bheith ag brath ar na scoileanna amháin chun an teanga a chur chun cinn, agus is maith an rud nach bhfuil. B'fhéarr leis an teanga a dhéanamh 'níos feiceálaí' i logainmneacha, ar eastáit tithíochta, ar shiopaí agus eile, 'chun go mbeidh sí ina gnáthchuid de shaol na cathrach'. Sin leath na hoibre, cinnte, ach is í an chaint an fhadhb.

Ón nGaeltacht isteach a thagadh cuid mhaith den Ghaeilge a bhíodh le fáil i nGaillimh. D'fhéadfá a rá go bhfuil an Ghaeilge ag trá i nGaillimh de réir mar atá sí ag trá sna ceantair máguaird: is fada ó thréig sí an Cladach, agus is annamh anois a chloisfeá na seanfhundúirí ón bportach ag comhrá cois coirnéil. Caithfidh Gaillimh a cuid comhrá féin a sholáthar.

Ná dearmadaimis go bhfuil roinnt rudaí eile ar aire an Bhrolchánaigh seachas cúrsaí teanga, agus bíodh an focal scoir ag *Lá*:

Dúirt sé go mbeadh sé ag díriú ar chúrsaí iompair, séarachais, bruscair agus fuinnimh inathnuaite freisin le linn a mhéarachta.



Idir an dá linn tá deacrachtaí ag baint le coinníollacha pleanála Gaeilge a chur i bhfeidhm ar chloigíní nua tithe i nGaeltacht an chontae. Deir daoine éigin nach raibh ciall leis na coinníollacha céanna riamh agus nach bhfuil iontu ach slí chun na bunfhadhbanna a sheachaint. Ní féidir limistéar cosanta a dhéanamh d'áit ar bith i gcúrsaí teanga.

De réir mar a deir an reachtaíocht, tá dúchas na Gaeltachta le cosaint i gcúrsaí pleanála. Fágann seo go gcaithfear cuid éigin de thithe nua a dhíol le daoine a bhfuil Gaeilge acu. Tá an Bord Pleanála ar son an bheartais seo, ach deir an tAire gur cheart cúrsaí pleanála sa Ghaeltacht a athscrúdú agus gur féidir le húdaráis áitiúla na coinníollacha a athrú de réir staid na teanga i gceantair áirithe. Sin é an rud go díreach ba mhaith le comhairleoirí de chuid Cho na Gaillimhe a dhéanamh.



### **An Tibéad: oscailt an dorais**

*China has built a splendid new railway into the heart of Tibet; tourists, settlers and soldiers can enter as they please. What are the cultural consequences?*

Tá na Síneach tar éis an bóthar iarainn is airde sa domhan a chríochnú – ceann a théann ó cheantar sceirdiúil álainn Qinghai go dtí an Tibéad. Gaisce innealtóireachta é a chosain \$5 billiún agus a thabharfaidh thú trasna machairí, thar lochanna gléghorma agus trí Shléibhte Kulun go dtí staisiún mór Lása – turas 1,140 ciliméadar .

Tá aird ag na Síneach ar na drochiarsmaí timpeallachta a d'fhéadfadh a bheith ann. Caitheadh \$13 milliún ar thóinnáin a d'fhágfadh bealach réidh roimh thaisteal na n-ainmhithe fiáine. Tá an talamh féin deisithe tar éis na tógála. Déanfaidh traein speisialta turas uair sa tseachtain ag bailiú bruscair ag áiteanna áirithe fan an bhóthair. Ní féidir a rá nach mbeidh na drochiarsmaí ann; is féidir a rá go raibh na húdaráis i bhfad níos cáiréisí sna cúrsaí seo ná mar a bhí in áiteanna eile.

Ní hé an timpeallacht is mó a bheidh thíos le teacht an bhóthair iarainn ach dúchas an Tibéid. Tá súil ag na húdaráis go dtiocfaidh 900,000 turasoír Síneach isteach in aghaidh na bliana. Anois féin ba dheacair a rá nach cathair Shíneach é Lása; tá na Tibéadaigh brúite i leataobh, agus i Sínis amháin is féidir oideachas a fháil. Tá na póilíní san airdeall ar easaontóirí, agus níl sa Photala, seanphálás an Dalai Lama, ach iarsmalann agus áit turasoireachta. Nuair a thiocfaidh na sluaite ón tSín, idir thurasóirí agus lonnaitheoirí, beidh a rian sin ar an Tibéad go léir.

Ní mór a chuimheamh go bhfuil na Síneach mórálach as a ndearna siad sa Tibéad: cealú an fheodachais, áiseanna nua a thabhairt isteach, an cúige a chur chun cinn. Anois tá an áis is nua agus is fearr ann, bóthar iarainn a cheanglaíonn an Tibéad den chuid eile den tSín (agus a ligeann do na húdaráis saighdiúirí a thabhairt isteach gan mhoill más gá). Is deacair don tSín míshásamh na dTibéadach a thuiscint, ach tá an míshásamh sin ann, go fiú i gcás na mac léinn nach bhfuil cuimhne acu ar na sean-nósanna ná mórán eolais acu ar an mBúdachas.

Is baolach anois go mbáfar muintir na tíre i measc lonnaitheoirí Síneacha, cé nach dócha go gcuirfeadh mórán Síneach fúthu taobh amuigh de Lása. Ní fios cá mhéad Tibéadach atá ann

go díreach - dhá mhilliún duine ar a laghad; ach tá na Han i bhfad níos iomadúla. Faoi láthair tá an dúchas á chothú ag na coilíneachtaí Tibéadacha san India agus ag cúpla tír bheag ar nós na Bútáine a bhí riamh faoi scáth an Tibéid. Sa Tibéad féin tá caoi á cur ar chuid de na mainistreacha a creachadh le linn na Réabhlóide Cultúrtha. Tá féiniúlacht an Tibéid fite fuaite ina leagan féin den Bhúdachas, agus theip ar na Sínigh smacht a fháil air. Is beag an t-ionadh gur bior sa bheo acu an Dalai Lama, é ina dheimhniú ar an gcuid is fearr den seansaol agus ina dhiúltú do chumhacht an Stáit.

D'éirigh leis an tSín an Tibéad a ghabháil ach theip uirthi Sicim a shealbhú. Stát de chuid na hIndia is ea í ón mbliain 1975 i leith, agus í ina gcoimearcas roimhe sin. Bhí éileamh ag an tSín uirthi, éileamh nár tréigeadh go dtí an bhliain 2003. Anois tá mám Nathu La ar oscailt arís, mám a dtagadh Bóthar an tSíoda tríd ach atá daingnithe ag an India ón mbliain 1962 i leith.

Tá an Tibéad agus Sicim ag críochantacht le chéile, agus tá na Sínigh tar éis bóthar breá nua a thabhairt chomh fada leis an mám; tá na hIndiaigh ag ullmhú a mbóthair féin, agus tá na ceannaithe ag teacht. (Tráchtáil ar leith atá i gceist: tá ceannach maith ar eireabaill geacanna, mar shampla.) Tá Sicim ag brath go mór ar an turasóireacht, agus is é an Búdachas an creideamh stáit; b'fhéidir go gcuideodh oscailt an mháim le hoilithrigh Bhúdacha a mhealladh chun na tíre, rud ar bhreá leis na húdaráis dlús a chur leis.

Ba é an chinniúint é go raibh an tSín Dhearg in ann údarás a chur lena héileamh ar an Tibéad de bharr tréimhse áirithe a raibh smacht ag an Impire ar an tír úd. Leis an India a chuaigh Sicim ó dhúchas, rud nárbh fhéidir leis an Tibéad a dhéanamh. Sa dá chás ghéill an tSín nua do sheachmall na staire, ach ba é an Tibéad an ailp ab fhusa a shlogadh. Níorbh fhéidir leis an seanTibéad maireachtáil mar a bhí, rud a admhaíonn an Dalai Lama féin. Ní fios an mairfidh an Tibéad nua ach oiread.



## LÉANN GAEL-ASTRÁLACH

Tá seiminéir phoiblí an Léinn Éireannaigh ar siúl arís ag Ollscoil Mhelbourne: Dé Máirt, 6.00pm – 7.30pm, san Aireagal ag Coláiste Newman. Bíonn deoch agus goblach ar fáil roimh ré, agus is minic a théann a bhfuil ann amach go dtí teach itheacháin tar éis na cainte.

Ar 4 Iúil 2006 chualamar é seo ag an Ollamh Neil McLeod (Murdoch University): **The aire échta: Lord of Slaughter.** (Sa tseanré in Éirinn thugtaí *aire éachta* ar an tiarna a raibh de dhualgas air dul sa tóir ar dhuine i ríocht eile de bharr fíoch fola). Beidh cuntas air seo sa chéad *Lúbín* eile.

### Seiminéir eile:

#### **25 Iúil 2006**

An tOllamh John McLaren (Victoria University of Technology)  
**Vincent Buckley: The turn to Ireland**

#### **8 Lúnasa 2006**

An Dr Cathy Swift (Ollscoil na hÉireann, Má Nuad)  
**Marketing and Machinations: Saving a Newly-Discovered Viking Site at Woodstown, Co. Waterford**

#### **5 Meán Fómhair 2006**

An Dr Lyndon Fraser (Canterbury University, Christchurch)  
**'The Elusive Pile': Tracing the Working Lives of Irish Migrants on the Antipodean Goldfields**

#### **19 Meán Fómhair 2006**

An Comh-Ollamh Professor Frances Devlin-Glass (Deakin University)  
**Performing 'Queer' after Wilde: Joyce, Buck Mulligan and Homophobia**

**3 Deireadh Fómhair 2006**

An Dr Jeffrey Turnbull (University of Melbourne)

**Building Newman College: Committeemen 1913-18**

**17 Deireadh Fómhair 2006**

*Cuirfear an t-ábhar in iúl roimh ré.*

Eolas: (03) 8344 3924 nó (03) 9479 2440.

Ríomhphost: [P.J.Bull@latrobe.edu.au](mailto:P.J.Bull@latrobe.edu.au)  
[e.malcolm@unimelb.edu.au](mailto:e.malcolm@unimelb.edu.au)  
[frang@deakin.edu.au](mailto:frang@deakin.edu.au)

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil cuir teachtaireacht dá réir chun:

[ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au).

Colin Ryan